Comhairle Chontae na Gaillimhe

# Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

## Sceideal na nGealltanas Breise Timpeallachta (arna leasú an 13 Márta 2020)

GCOB-4.04-019

Issue 1 | 13 March 2020

This report takes into account the particular instructions and requirements of our client.

It is not intended for and should not be relied upon by any third party and no responsibility is undertaken to any third party.

Job number 223985-00

**Ove Arup & Partners Ireland Ltd**

**Arup**
Corporate House
City East Business Park
Ballybrit
Galway
H91 K5YD
Ireland
www.arup.com

ARUP

# Deimhniú Doiciméid

ARUP

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Teideal jab** | | Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe | | **Uimhir Jab** 223985-00 | |
| **Teideal doiciméid** | | Sceideal na nGealltanas Breise Timpeallachta (arna leasú an 13 Márta 2020) | | **File reference** | |
| **Tag Chomhaid** | | GCOB-4.04-019 | | | |
| **Athbhreithniú 1** | **Dáta** | **Ainm comhaid** | GCOB-4.04-019_002 (Schedule of Commitments) D2.docx | | |
| Issue 1 | 28 Sept. 2018 | **Cur síos** | Request to Publish | | |
| | | | Prepared by | Checked by | Approved by |
| | | Ainm | Mary Hurley | Fiona Patterson | Eileen McCarthy |
| | | Síniú | | | |
| Issue 1 | 13 Mar 2020 | **Ainm comhaid** | Additional Environmental Commitments 13-03-2020_I1.docx | | |
| | | **Cur síos** | | | |
| | | | Prepared by | Checked by | Approved by |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |
| | | **Ainm comhaid** | | | |
| | | **Cur síos** | | | |
| | | | Prepared by | Checked by | Approved by |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |
| | | **Ainm comhaid** | | | |
| | | **Cur síos** | | | |
| | | | Prepared by | Checked by | Approved by |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |

**Deimhniú doiciméid eisithe leis an doiciméad** ✓

# Clár

Leathanach

**21 Sceideal na nGealltanas Breise Timpeallachta (arna leasú an 13 Márta 2020) 1**

21.1 Ginearálta 1
21.3 Daoine, an Daonra agus Cúrsaí Sláinte 2
21.4 Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta 2
21.5 Sócmhainní Ábhartha – Talmhaíocht 3
21.6 Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide 3
21.7 Torann agus Creathadh 4
21.8 Dreach na Tíre agus Radharcanna 4
21.10 Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Cultúir 5
21.11 Cúrsaí Ithreach agus Geolaíochta 5
21.12 Cúrsaí Hidrigeolaíochta 7
21.13 Cúrsaí Hidreolaíochta 7
21.14 Cúrsaí Bithéagsúlachta 9

# 21 Sceideal na nGealltanas Breise Timpeallachta (arna leasú an 13 Márta 2020)

## Nóta:

Seo a leanas na gealltanais nua timpeallachta ó foilsíodh an TMTT i mí Deireadh Fómhair 2018. Cuireadh an chuid atá faoi chló dearg gan aibhsiú le dath buí faoi bhráid an Bhoird Phleanála ag an Éisteacht ó Bhéal ar an 21 Feabhra 2020. Is gealltanais nua, idir an 21 Feabhra 2020 agus an 13 Márta 2020, an chuid atá faoi chló dearg agus faoi aibhsiú le dath buí.

## 21.1 Ginearálta

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| 1.22 | T | Tá Plean maidir le Srianadh Lotnaidí (PSL) leagtha amach d'fhonn bearta a chur i bhfeidhm maidir le srianadh ar lotnaidí i rith chéim na tógála den fhorbairt ar an mbóthar beartaithe agus tabharfar sin isteach mar dhlúthchuid den CEMP. Leagtar amach cuntas achoimre ar na bearta atá san áireamh leis an PSL sa Ráiteas Fianaise – Freagraí maidir le hAgóidí/Aighneachtaí faoi na ceannteidil Innealtóireacht, Gá leis an Togra, Roghanna eile a Tugadh san Áireamh agus Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta faoi mar a cuireadh ar taifead an chéad lá den éisteacht ó bhéal ar an 18 Feabhra 2020. |
| 1.23 | Ú | Cuirfear bealach rothaíochta 2m ar fáil ó Thimpeallán Ghort na Bró go dtí Gaelscoil Mhic Amhlaigh ar an dá thaobh den bhóthar mar a léirítear ar Léaráid Líníochta GCRR-SK-OH-054 in Aguisín A.21.1. |
| 1.24 | Ú | Cuirfear bealach rothaíochta dhá threo ar fáil as Gaelscoil Mhic Amhlaigh go Bóthar Rathúin ar an taobh thoir de Bhóthar Ghort na Bró. |
| 1.25 | Ú | Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe i gceist gur plotaí sealadacha iad na plotaí 583a.209, 583c.201, 583c.202; 583c.203 agus 583a.208 nach mbeidh de dhíth ach amháin i rith chéim na tógála le húsáid mar chuid den champún olliomlán tógála agus ionas gur féidir an bóthar beartaithe a thógáil. Déanfar soláthar do chead slí ag McHugh Properties trasna Bhóthar Áise AR 11/01 ionas go mbíonn bealach isteach ar na tailte seo. |
| 1.26 | Ú | Cláróidh Comhairle Chontae na Gaillimhe cead slí 10m ar leithead ag an úinéir talún ar Phlota 570 ionas gur féidir trácht faoi Tharbhealach Mhionlaigh idir an paiste talún ó thuaidh agus an paiste talún ó dheas. |
| 1.27 | Ú | Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe i gceist go ndéantar Plota 717a.201 a chur as an áireamh maidir le hOrdú Mótarbhealaigh Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6. |

## 21.3 Daoine, an Daonra agus Cúrsaí Sláinte

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| 18.5 | T | Soláthar a dhéanamh do bhealach áise eile le bruach Abhainn na Gaillimhe, chomh maith le comhairle roimh ré ar an lucht siúlóide, faoi shrianta ar bhealach isteach sa chás go mbíonn obair thógála á déanamh ar dhroichead trasna os cionn bhruach na habhann.<br><br>Coinneofar bealach sábháilte trasna an láithreáin tógála ar Champas Spóirt OÉG ó thús go deireadh chonradh na hoibre. |
| 18.15 | T | Cuirfear bealach trasna do choisithe ar fáil ag an mbealach isteach chuig Cairéal Leacaigh sula dtosaítear ar an obair thógála ionas go mbíonn an glasbhealach ann ar feadh an ama. Coinneoidh an conraitheoir an bealach trasna seo do choisithe ar fáil go mbíonn deireadh leis an obair thógála.<br>Beidh teorainn luais 15kph i bhfeidhm ar an mbóthar áise isteach chuig campún an láithreáin ag Cairéal Leacaigh an fhad a bhíonn an obair ar siúl. |

## 21.4 Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| 15.5 | ~~TÚ~~ | ~~Cuirfear malairt áiseanna páirceanna imeartha ar fáil in ionad na bpáirceanna imeartha a gcuirfear isteach go díreach orthu leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Áirítear ar na háiseanna sin páirc imeartha 3G faoi thuilsoilse do na cluichí Gaelacha, spás traenála 3G faoi thuilsoilse agus gnéithe bonneagair ar an láthair a bhaineann le draenáil na bpáirceanna sin agus fearas de leithéid eangacha chun liathróidí a stopadh.~~ Téann an fhorbraíocht maidir leis an mbóthar beartaithe trasna ~~freisin~~ ar an bpailliún spóirt reatha ionas go dtarlaíonn tionchar go díreach ar cheann thiar an fhoirgnimh agus déanfar athchóiriú mar seo a leanas ar an bhfoirgneamh sin:<br>• Déanfar an seomra fearais ag an gceann thiar, aon seomra feistis amháin, aon spás stórála amháin, aon spás meáchain amháin agus na hallaí slí a ghabhann leo ar stór na talún agus thuas an staighre a leagan.<br>• Déanfar an seomra fearais ag an gceann thiar agus an trealamh a ghabhann leis a lonnú in ionad eile.<br>• Déanfar athleagan amach agus obair thógála maidir le ballaí taobh istigh agus taobh amuigh, leis an díon, le fuinneoga agus le doirse. |
| 15.11 | Ú | Déantar an straitéis maolúcháin ag Campas Spóirt OÉG a leasú i ndáil leis na nithe seo a leanas:<br>• Ní gá feasta an pháirc imeartha féir do na cluichí Gaelacha atá suite ó dheas, díreach le taobh Abhainn na Gaillimhe, a thabhairt san áireamh maidir leis an straitéis maolúcháin in OÉG.<br>• Athchóireofar an pháirc imeartha féir do na cluichí Gaelacha atá suite ó thuaidh, díreach le taobh Abhainn na Gaillimhe, atá á héadáil go sealadach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, ina limistéar traenála féir, leis an mbunsraith gainimh chuí agus an |

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| | | córas draenála cuí a fhágfaidh oiriúnach in athuair í don úsáid a bhaintear faoi láthair aisti, agus tabharfar ar ais í do OÉG<br>• D'fhonn an modh ceangail a chinntiú ag OÉG tar éis an obair thógála a thabhairt chun críche, beidh cead slí á thabhairt faoi léas fadtéarmach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe do OÉG maidir le tailte faoin tarbhealach beartaithe a úsáid chun críche cúrsaí spóirt/lúthchleasaíochta. |
| 15.13 | Ú | Tabharfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe fógra do Ob_521_O_517.14_02 maidir le dúnadh bealaigh ar bith i ngar don áitreabh i rith an lae nó i rith na hoíche. |
| 15.14 | T | Déanfar na seangheataí maisithe ag an mbealach isteach ag Eastát Achaidh an Churraigh a bhaint amach agus a stóráil agus cuirfear ar ais suas iad ag an mbealach isteach arís ar an obair a thabhairt chun críche agus tugtar chun aire nach ndúnann an geata faoi láthair agus nach ndúnfaidh an geata tar éis na hoibre agus nach sínfidh an geata trasna an bhealaigh nua isteach. |
| 15.15 | T | Bainfear amach na comharthaí ag áitreabh 668 ar Bhóthar Thuama an N83, déanfar a stóráil agus cuirfear ar ais suas iad ag an áitreabh nuair a bhíonn an obair críochnaithe. |
| 15.16 | T | Déanfar fána ó taobh thiar den bhalla eastáit atá ann agus atá coinnithe a chur ar na tailte cónaitheacha ag maoin 539 agus ag 540 suas go dtí an claífort ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. |
| 15.17 | T | Déanfar an obair leasúcháin ar an bPailliún Spóirt ar Champas Spóirt OÉG mar obair cumasúcháin i rith thréimhse an tsamhraidh sula dtosaítear ar an obair thógála ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. |
| 15.18 | T | Coinneofar na háiseanna leasa ag an bPailliún Spóirt ar Champas Spóirt OÉG ar fáil an fhad a bhíonn an obair thógála ar siúl. |
| 15.19 | T | Ní cheadófar do bhaill foirne atá fostaithe i mbun obair thógála páirceáil i gcarrchlór Champas Spóirt OÉG. |

## 21.5 Sócmhainní Ábhartha – Talmhaíocht

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| 14.9 | T | Beidh saineolaí capall nó tréidlia fostaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar feadh ré feidhme an chonradh tógála |

## 21.6 Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| 16.12 | T | Bainfidh an Conraitheoir úsáid as coincréit threisithe le fachtóir astaíochta nach airde ná 0.0949 Kg$CO_2$e/Kg. |

## 21.7 Torann agus Creathadh

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| 17.20 | T | Tá ionad ina mbeadh nithe ar siúl a d'fhágfadh go mbeadh creathadh le brath in ionaid déantúsaíochta i bPáirc Gnó na Páirce Móire agus i bPáirc Gnó Chúrsa na Rásaí tugtha chun suntais. Tá an t-ionad seo cóngarach do réimse ina mbeidh bleaisteáil ar siúl mar chuid den obair ar an tollán beartaithe i mBaile an Bhriotaigh. Is é an modh maolúcháin is éifeachtúla maidir le próiseas den sórt atá i gceist comhairliúchán leanúnach a dhéanamh le húinéirí na n-áitreabh de réir mar atá an obair dearthóireachta agus an obair thógála ar an bhforbairt beartaithe ag dul ar aghaidh. Tiocfaidh i gceist leis sin monatóireacht a dhéanamh ar an gcreathadh bonnlíne agus bleaisteanna trialacha a úsáid le lucht éadrom ar dtús agus an creathadh a thomhas ag an bhfoirgneamh an tráth céanna. Bainfear leas as an bhfaisnéis sin chun leibhéil inghlactha maidir le creathadh ag an ionad a ríomh i ndáil le híogaireacht an trealaimh atá in úsáid. De réir na dtorthaí ón measúnacht thrialach seo, leagfar síos uasteorainneacha aontaithe cuí maidir le leibhéil ag gach ionad a thagann i gceist agus déanfar monatóireacht ina leith an tráth a dtarlaíonn bleaisteáil ina dhiaidh sin nó an tráth a mbíonn úsáid á bhaint as modhanna eile tochailte. Sa chás nach ndéantar teorainn shábháilte a ríomh, déanfar tráthanna agus sceideal na bleaisteála a leagan amach i gcomhairle leis an ionad ionas nach dtarlaíonn sin an tráth a mbíonn obair ar bun a gcuirfí isteach uirthi. I bhfianaise achar ríghairid ama (i.e. roinnt bheag soicindí) i gceist le haon bhleaist ar bith, meastar gur féidir cur chuig an gcúram ar an gcaoi seo.<br><br>Cuirfear M&M Qualtech le liosta na n-úinéirí áitribh a ndéantar comhairle leo maidir le de réir mar a bhíonn an dearthóireacht agus an tógáil ar fhorbairt an bhóthair bheartaithe ag dul ar aghaidh, go háirithe maidir leis na dátaí ar a dtarlaíonn briseadh carraige agus bleaisteáil agus leis an bplean bainistíochta mionsonraithe faoi chúrsaí tráchta ina gceantar féin. Déanfar monatóireacht maidir le creathadh ag áitreabh M&M Qualtech i bpáirc gnó na Páirce Móire. |
| 17.23 | Ú | Cuirfear síneadh siar as an mBacainn Torainn NB12/05 chomh fada le Loc Slabhraíochta 12+550 ionas go dtugtar leibhéal an torainn ag an ionad meastóireachta R188 faoi bhun na sprice dearthóireachta sa TII ar an anailís leochaileachta maidir leis an RFI a thabhairt san áireamh. |
| 17.24 | T | Cuirfear áitritheoirí i gceantar Mhionlaigh, Chúil Each, Bhaile an Phoill agus Bhaile an Dúlaigh ar an eolas roimh ré faoi aon bhleaisteáil a bhíonn beartaithe a dhéanamh, mar a leagtar amach in Alt 13.1 sa CEMP in Aguisín A.7.5 leis an TMTT agus in Aguisín C leis an RTN. |
| 17.25 | T | Déanfar suirbhéireacht maidir leis an mbail atá ar an áitreabh i gcás an teach ceann tuí i gCúil Each, Mionlach agus ag M&M Qualtech, Páirc Gnó na Páirce Móire. |

## 21.8 Dreach na Tíre agus Radharcanna

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| 12.40 | Ú | Tá beartaithe síneadh a chur leis an gcrios scáthphlandála measctha 3m ar leithead le taobh an áitribh den bhóthar beartaithe siar ó Ch. 1+760 chomh fada le Ch. 1+580 mar a léirítear ar Fíor 12.1.14 sa TMTT, arna leasú |
| 12.41 | T | Cuirfear colbha féir síos, ina mbeidh crainn beithe curtha, gach aon taobh |

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| | | den ascaill nua isteach ag Eastáit Achadh an Churraigh ar aon dul le cineál an bhealaigh isteach mar atá faoi láthair. |
| 12.42 | T | Seachas san áit go bhfuil an balla atá ann le coinneáil, tógfar balla nua cloiche os comhair áitribh 539 agus 540 (siar ón mbóthar beartaithe) le taobh an ascaill láithrigh / athlínithe taobh istigh d'Eastát Achadh an Churraigh ar aon dul le cineál na mballaí cloiche taobh istigh den eastát faoi láthair. |
| 12.43 | T | Ardófar leibhéal na talún ar thailte iarmharacha áitribh 539 agus 540 ar ais leis an mbóthar beartaithe agus cuirfear 1,000 crann orthu idir 1.0m agus 2.0m ar airde i gcomhréir leis na sonraí mar a leagtar amach in Fíor GCRR-SK-OH-652 in Aguisín A.21.2. Ní bheidh aon chur isteach ó chéimniú na hithreach ná ón bplandáil ar an bhFara Ialtóg atá beartaithe a thógáil ar áitreabh 540 |

## 21.10 Cúrsaí Seandálaíochta, an Oidhreacht Ailtireachta agus an Oidhreacht Cultúir

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| 13.12 | T | Beidh cruinniú ag an Saineolaí Oidhreachta Cultúir agus ag Seandálaí an Togra le hionadaí na n-áitritheoirí i Mionlach-Cúil Each-Baile an Phoill-Baile an Dúlaigh chun scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe a bhféadfadh suntas a bheith leo ó thaobh cúrsaí oidhreachta i seanbhaile Chúil Each, Mionlach. Cuirfear tuairisc faoi scrúdú an tsuímh ar fáil do na háitritheoirí agus foilseofar é ar láithreán gréasáin faoi leith maidir leis an togra. |

## 21.11 Cúrsaí Ithreach agus Geolaíochta

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| 9.3 | T | Cuirfear clár oibre maidir le créfoirt a thógáil i bhfeidhm mar chuid den CEMP a leagtar amach mar chuid de **Aguisín A.7.5** leis an **TMTT**, arna thabhairt i gcrích ag an gConraitheoir, i ndáil leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe agus déanfar rangú ar fhoinse an ábhair maidir le gach réimse líonta. Agus an clár oibre sin á leagan amach go críochnúil, tabharfar na teorainneacha líonta a leagtar amach thíos san áireamh.<br>D'fhonn cur isteach a sheachaint ar ghnáthóga áitiúla i réimsí portaigh, tabharfar na teorainneacha líonta ~~seo a leanas~~ i gceist maidir leis na hionaid a shonraítear sa tábla thíos. ~~**Tábla 9.18 i gCaibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht.**~~<br>• Ní cheadaítear ábhar neamhdhúchasach ach amháin maidir le sraitheanna pábhála agus caidhpeála atá slán ó uisce dromchla ag rith le sruth agus ó aistriú screamhuisce<br>• As bunábhar dúchasach nó as bunábhar eile atá oiriúnach maidir le pH a thiocfaidh an t-ábhar líonta eile ar fad a bheidh inghlactha<br>Nóta: Tagann an tábla thíos in ionad Tábla 9.18 in Alt 9.6.2.1 i gCaibidil 9 sa TMTT (leathanach 788). |

<table>
<tr><th>Uimh. Thag.</th><th>Céim</th><th>Gealltanais</th></tr>
<tr><td></td><td></td><td>Tábla 21.1: Teorainneacha Líonta de réir Limistéir
<table>
<tr><th rowspan="2">Suíomh</th><th rowspan="2">Gnáthóg Iarscríbhinn I / Cóid Aitheantais Fossitt (2000)*</th><th colspan="2">Teorainn Líonta sa limistéar Slabhraíochta</th></tr>
<tr><th>Ó</th><th>Go dtí</th></tr>
<tr><td>1</td><td>4030 mósáic</td><td>0+620</td><td>0+775</td></tr>
<tr><td>2</td><td>*7130/4010 mósáic, 4010 agus PF2</td><td>1+150</td><td>1+475</td></tr>
<tr><td>3</td><td>4010</td><td>1+830</td><td>2+050</td></tr>
<tr><td>4</td><td>4010</td><td>2+200</td><td>2+325</td></tr>
<tr><td>5</td><td>4010 agus PF2</td><td>2+875</td><td>3+175</td></tr>
<tr><td>6</td><td>4010</td><td>3+450</td><td>3+550</td></tr>
<tr><td>7</td><td>4030/4010 agus 4010</td><td>3+595</td><td>3+890</td></tr>
<tr><td>8</td><td>4030 mósáic agus 4010</td><td>4+650</td><td>5+150</td></tr>
<tr><td>9</td><td>4010 agus PF2</td><td>7+750</td><td>7+900</td></tr>
</table></td></tr>
<tr><td>9.20</td><td>T</td><td>Sa chás gur féidir, ar na bearta maolúcháin maidir le cúrsaí dearthóireachta agus timpeallachta a thabhairt san áireamh, mar aon le coinníollacha sábháilteachta agus srianta innealtóireachta, fágfar, de réir dearthóireachta, réimsí suntasacha buncharraige leis tar éis obair ghearrtha. Sa chás nach féidir sin a dhéanamh, coinneofar tuairisc dhigiteach ghrianghrafadóireachta ar réimsí suntasacha ina ndéantar tochailt as an nua nó déanfar cóir maidir le cuairteanna ar an láthair ag Suirbhéireacht Geolaíochta na hÉireann.</td></tr>
<tr><td>9.21</td><td>T</td><td>Sa chás gur féidir, ar na bearta maolúcháin maidir le cúrsaí dearthóireachta agus timpeallachta a thabhairt san áireamh, mar aon le coinníollacha sábháilteachta agus srianta innealtóireachta, fágfar, de réir dearthóireachta, réimsí suntasacha buncharraige leis tar éis obair ghearrtha.<br><br>Sa chás nach féidir sin a dhéanamh, coinneoidh an Conraitheoir tuairisc dhigiteach ghrianghrafadóireachta ar réimsí suntasacha ina ndéantar tochailt as an nua agus/nó cuirfidh an Conraitheoir cóir ar Shuirbhéireacht Geolaíochta na hÉireann maidir le cuairteanna ar an láthair.<br><br>Cuirfidh an Conraitheoir Suirbhéireacht Geolaíochta na hÉireann ar an eolas faoi aon chás ina ndéantar gearradh go buncharraige ionas gur féidir cuairt a thabhairt ar an láthair sula ndéantar aon líonadh ar ais.</td></tr>
<tr><td>9.22</td><td>T</td><td>Sa chás go bhfuil riachtanas le sraith saordhraenála faoin talamh i réimse talún a bhfuil plandáil gnáthóige i gceist air, agus gur ionann é agus Limistéar Sil-leagain Ábhair a mbeadh ábhar móna á leagan ann, cuirfidh an Conraitheoir sraith saordhraenála idir an tsraith ina leagtar an mhóin agus an tsraith ar a bhfuil an ghnáthóg le cruthú. Beidh an t-ábhar saordhraenála féin á cheapadh idir sraitheanna scagdhealúcháin (e.g. geoiteicstíl), os a chionn agus faoina bhun, ionas go seachnaítear dríodar mion a aistriú agus go ndeimhnítear go bhfeidhmíonn an tsraith mar atá beartaithe.<br><br>Maidir le limistéir sil-leagain ábhair i gCairéal Leacaigh, mar a bhfuil gá le féarach calcrach, cuirfear sraith cheaptha draenála ar fáil ar dhoimhneacht 350mm ar a laghad, ionas go gcinntítear draenáil gan bhac maidir le huisce dromchla ón bhféarach calcrach. Cuirfear an tsraith sin ar fáil idir an féarach calcrach agus an limistéar sil-leagain ábhair.</td></tr>
<tr><td>9.23</td><td>T</td><td>Déanfar an obair thógála de réir na gcoinníollacha go léir a leagtar amach in Coiréal Leacaigh: Tuarascáil maidir le Sil-leagan Ábhair (GCRR-4.0-03-4.23), go háirithe Alt 6.4 Gealltanais faoi leith. Tá an tuarascáil sin ar fáil in Aguisín 1.11 le Imleabhar 2 den Tuarascáil sa Fhreagra ITF.</td></tr>
</table>

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| 9.24 | T | Déanfar an obair thógála de réir na gcoinníollacha go léir a leagtar amach in Limistéir Sil-leagain Ábhair – Tuarascáil Bonnlíne (GCOB-4.03.4.2.1_001). Tá an tuarascáil sin ar fáil in **Aguisín 1.11 le Imleabhar 2** den **Tuarascáil sa Fhreagra ITF**. |
| 9.25 | T | Cinnteofar le comhchodanna an ábhair móna measctha i limistéir sil-leagain ábhair le féarach calcrach nach dtarlóidh dlús is airde ná 250mm ar an toirt, go bunúil ná go tánaisteach. |

## 21.12 Cúrsaí Hidrigeolaíochta

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| 10.10 | T | Tarlóidh naoi gcinn ~~cúig cinn~~ de thoibreacha (W50-10, W50-12, W50-13, W50-14 agus W50-15, W50-16, W50-19, W50-17, W50-18) a chailliúint nuair a bheidh an obair thógála á déanamh ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Déanfar beart maolúcháin maidir le gach ceann acu sin trí thobar ionaid a chur ar fáil, trí cheangal a nascadh leis an bpríomhchóras soláthair nuair is féidir nó trí chúiteamh airgid a chur ar fáil. Sa chás gur gá tobar a fhágáil ar fad mar gheall ar an mbóthar beartaithe a fhorbairt, déanfar an tobar a dhúnadh agus a fhágáil i gcomhréir go ginearálta lena leagtar amach sna Treoirlínte maidir le Druileáil Toibreacha arna gcur ar fáil ag Institiúid Gheolaithe na hÉireann (IGI 2007). |
| 10.20 | T | Sa chás, ní nach dócha, go dtarlaítear i rith an obair thógála ar chonairí suntasacha srutha (éasc-chriosanna nó brischriosanna) i mBatailit Eibhir na Gaillimhe, cuirfear i bhfeidhm na bearta a leagtar amach sa Phrótacal Carstach a luaitear sa CEMP in Aguisín A.7.5 leis an TMTT agus in Aguisín C leis an RTN. |

## 21.13 Cúrsaí Hidreolaíochta

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| 11.1 | T | Cuirfidh an Conraitheoir leagan críochnúil den CEMP atá mar chuid d'**Aguisín A.7.5** le chéile sula dtosaítear ar an obair thógála agus beidh na gnéithe seo a leanas á gcur i bhfeidhm mar chuid den phlean:<br>• Plean Seiftithe i gCás Teagmhais ina leagtar amach gnáis oibre a leanfar sa chás go dtarlaíonn ceimiceán, breosla nó dramhábhar guaiseach eile a sceitheadh, tuairisc a logáil ar aon chás neamhchomhlíontais nó ar aon ábhar baoil a dtiocfadh éilliúchán dá bharr, baol tuilte san áireamh.<br>• Plean maidir le Creimeadh Dríodair agus Éilliúchán a Smachtú (Féach Alt 8 sa CEMP in **Aguisín A.7.5**). Tugtar san áireamh monatóireacht ar chaighdeán an uisce agus ráitis maidir le modhanna oibre chun a chinntiú go gcloítear leis na caighdeáin dea-cháilíochta maidir le cúrsaí timpeallachta a leagtar síos sa reachtaíocht.<br>• Gach cead agus ceadúnas is gá maidir le hobair thógála i sruthanna a bhaineann le lintéar, droichead nó áit sceite a chur ar fáil. Tá cead Oifig na nOibreacha Poiblí faoi Alt 50 faighte maidir le gach lintéar |

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| | | agus droichead beartaithe a luaitear sa TMTT. Sa chás go dtarlaíonn athrú maidir leis na foirgnimh sin mar chuid de chéim na miondearthóireachta agus na tógála, beidh gá cead nua a fháil faoi Alt 50.<br>• An Brainse maidir le Draenáil Artaireach an Iarthair in Oifig na nOibreacha Poiblí a choinneáil ar an eolas agus comhairle a dhéanamh leis an mbrainse sin atá freagrach as Draenáil Artaireach Loch Coiribe-Loch Measca agus smacht leanúnach ar leibhéal na habhann agus an locha ag Cora Dhroichead na mBradán i nGaillimh.<br>• Leanúint d'Iascaigh Intíre Éireann a chur ar an eolas agus den chomhairle leo.<br>• Leanúint den tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a chur ar an eolas agus den chomhairle leo.<br>• Déanfar an obair thógála ar fad i gcomhréir leis na treoirlínte maidir leis an sárchleachtas tógála agus beidh, dá réir sin, an chontúirt go dtarlódh sceitheadh in Abhainn na Gaillimhe á chur ar neamhní.<br>• Déanfar an obair thógála ar fad i gcomhréir freisin le Caighdeáin agus Sonraíocht Uisce Éireann, i gcomhréir leis na gnáthphróisis agus na gnáis oibre maidir le cead ceangail a fháil agus comhaontú maidir le hobair thógála os cionn gnéithe bonneagair a shocrú le soláthraithe fóntais.<br>• Is furasta cóiriú do mhuinchillí maidir le cásanna ionchais i gceantar na nArdán agus aontófar na hionaid ina mbeidh siad suite le hUisce Éireann sula dtosaítear ar an obair thógála.<br>• Déanfar comhairle le hUisce Éireann maidir leis an CEMP a leasú agus maidir leis an bplean seiftithe i gcás teagmhais i ndáil le céim na tógála agus le céim na húsáide<br>• Déanfar soláthar do chuairteanna ar an suíomh tógála ag baill d'fhoireann Uisce Éireann má mheasann Uisce Éireann gur gá sin<br>• Déanfar caidreamh leanúnach le hUisce Éireann i rith chéim na tógála agus leagfar amach go tráthúil modh oibre maidir le dátaí tionscadail rialta i rith chéim na tógála ionas gur féidir le hUisce Éireann aon mhaol breise a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le caighdeán an uisce ina bhfoinse soláthair an uisce óil a mheas |
| 11.10 | T/Ú | I rith chéim na tógála agus chéim na húsáide, leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de chomhairle a dhéanamh le hUisce Éireann agus d'eolas a chur ar fáil maidir le caighdeán an uisce agus baol éilliúcháin i ndáil le foinse soláthair an uisce óil |

## 21.14 Cúrsaí Bithéagsúlachta

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| Ginearálta | | |
| 8.69 | T/Ú | Cinnteoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe (CCG) go mbaintear leas as torthaí na monatóireachta maidir le clár maolúcháin fadtéarmach éiceolaíochta a leagan amach agus le haon bheart coigeartaithe is gá a dhéanamh go tráthúil. An fhaid a bhíonn an obair thógála ar bun, beidh cúram na monatóireachta, agus an cúram maidir le haon bheart coigeartaithe is gá a dhéanamh, ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe. I rith ré na húsáide, fostóidh CCG conraitheoir oiriúnach maidir le seirbhísí monatóireachta a chur ar fáil i ndáil leis na bearta maolúcháin éiceolaíochta go dtagann deireadh ré an togra. Déanfar gach beart riachtanach a bhaineann le hábhar, de réir mar a leagtar amach i Sceideal na nGealltanas Timpeallachta, maidir leis na bearta monatóireachta agus na bearta maolúcháin i ndáil le cúrsaí éiceolaíochta a choinneáil ar bun i rith ré an togra, a lua mar choinníollacha sa chonradh (sna conarthaí) a cheanglaítear leis an gconraitheoir a cheaptar. Cinnteoidh CCG go ndéantar soláthar sa chonradh (sna conarthaí) a cheanglaítear leis an gconraitheoir a cheaptar do bheart coigeartaithe a dhéanamh má tharlaíonn nach den éifeacht aon ghné de na bearta maolúcháin agus monatóireachta éiceolaíochta ar a gcur i bhfeidhm. Tabharfar san áireamh leis na forálacha ina leith sin coinníoll maidir le hathbhreithniú á dhéanamh ag saineolaí éiceolaíochta/ bithéagsúlachta, oilte mar is cuí, ar éifeachtúlacht aon bheart coigeartaithe is gá a dhéanamh. |
| 8.70 | T/Ú | • Cuirfear córas mapála GIS le chéile a ligfidh don Éiceolaí Tionscadail tuairisc a choinneáil ar dhul chun cinn na hoibre, ar a tabhairt chun críche agus ar an monatóireacht i ndáil leis na bearta maolúcháin éiceolaíochta<br>• Déanfar, ag deireadh gach mí, aon ábhar mapála a bhaineann leis na bearta maolúcháin éiceolaíochta, lena n-áirítear torthaí suirbhéireachta roimh thosú ar an obair thógála (e.g. ionaid ina bhfuil brocacha), a chur ar fáil ar láithreán gréasáin ar leith an togra. Chomh maith leis sin, déanfar ag ceann gach mí, aon tuairisc maidir leis an mhonatóireacht éiceolaíochta a chur ar fáil láithreán gréasáin ar leith an togra<br>• Chomh maith lena luaitear thuas, beidh na tuairiscí monatóireachta ar chúrsaí éiceolaíochta á gcur faoi bhráid an Údaráis Phleanála agus cóipeanna á seoladh chuig an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra<br>• Chomh maith le córas 'cead oibre' a bheith i bhfeidhm, cuireadh an tÉiceolaí Tionscadail síniú le tuairisc ar na bearta a bheith curtha i gcrích i gceart agus ag feidhmiú mar ba chóir, sa chás gur in ionad atá leochaileach ó thaobh cúrsaí éiceolaíochta atá obair á déanamh agus/nó gur bearta iad a d'fhéadfadh cur isteach ar chúrsaí éiceolaíochta go furasta, nithe lena dtabharfaí san áireamh na cineálacha seo a leanas, cé nach liosta uilechuimsitheach seo:<br>○ obair lena mbaineann fásra a ghlanadh/suíomh a ghlanadh |

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| | | o obair lena mbaineann sconsaí suímh a chur suas<br>o obair i Limistéar cSAC Loch Coirib nó cóngarach dó,<br>o obair i sruthchúrsa nó cóngarach d'aon sruthchúrsa<br>o obair in ionad aitheanta goir, scíthe nó codladh geimhridh ag speiceas ar bith a thagann faoi chosaint na Rialachán maidir le hÉin agus Gnáthóga 2011 nó an Achta um Fhiadhúlra, go háirithe an ialtóg agus an broc nó obair cóngarach d'ionad dá leithéid<br>o obair i limistéar ina bhfuil molta bearta maolúcháin a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear cruthú/maolú gnáthóige nó boscaí neide agus boscaí ialtóg a chur ar fáil)<br>o obair ar shuíomhanna sonraithe deontóireachta nó gabhdóireachta maidir le réimsí gnáthóige a chruthú, nó cóngarach do na suíomhanna sin, go dtí go mbíonn gach ábhar deontóireachta atá de dhíth ar na suíomhanna gabhdóireachta tugtha chun bealaigh<br>• An tráth a mbíonn bearta maolúcháin éiceolaíochta curtha i bhfeidhm nó foirgníocht déanta ina leith, seolfar comhaid mhapála maidir leis na hionaid deiridh chuig an Éiceolaí Tionscadail le cur le córas GIS agus le córas pleanála an Údaráis Áitiúil<br>• Bheadh ualach mór i gceist le córas mapála idirghníomhaíochta nó comhuaineach/beo a chur ar fáil agus le bainistíocht a dhéanamh ar a leithéid. Ní mheastar gur gá ná gur cuí córas den sórt sin a chur ar fáil i bhfianaise a bhfuil beartaithe thuas agus go dtabharfar an fheidhm chéanna, an chuspóir chéanna agus na torthaí céanna i gcrích leo sin agus a thabharfaí le córas mapála comhuaineach/beo |
| 8.71 | T | Coinneofar blocanna a thochlaítear den phábháil aolchloiche le hathúsáid maidir le bearta ginearálta fiadhúlra agus cruthú gnáthóige ar na réimsí talún sin le bruach thoir Abhainn na Gaillimhe i Mionlach a bhfuil beartaithe caomhnú, feabhsú agus cruthú gnáthóige a dhéanamh orthu. |
| Limistéir Ainmnithe maidir le Caomhnú an Dúlra | | |
| 8.3 | T/Ú | Seo a leanas na gealltanais timpeallachta atá riachtanach maidir lena chinntiú nach gcuireann an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe isteach go mór ar Cheantar Oidhreachta Náisiúnta Phortaigh Mhaigh Cuilinn:<br>• ~~Tionchar maidir le cur isteach/díbirt a sheachaint/mhaolú i ndáil le tionchar bleaisteála ar éin geimhridh a thaobhaíonn Loch Bhaile an Dúlaigh (Féach an t-ábhar maidir le héin geimhridh thíos).~~<br>• Bearta smachta maidir le hastaíocht deannaigh agus an obair thógála ar bun ionas go seachnaítear cur isteach ar fhásra/gnáthóga i dTóin na Brocaí i gCeantar Oidhreachta Náisiúnta Phortaigh Mhaigh Cuilinn – féach an t-ábhar maidir le Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide thíos.  Tugtar san áireamh bearta de leithéid spraeáil a dhéanamh ar oibreacha créfoirt faoin aer agus ar bhóithre ar a mbeifí ag tarraingt chuig nó ón suíomh nuair atá an aimsir tirim, níochán rothaí, smacht ar luas feithiclí ar an suíomh, glanadh an bhóthair agus scáileáin dusta. |

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| | | • Bearta d'fhonn speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach nó a scaipeadh i gCeantar Oidhreachta Náisiúnta Phortaigh Mhaigh Cuilinn a sheachain i rith chéim na tógála nó chéim na húsáide. Leagtar na bearta sin amach go mion sa Phlean Bainistíochta maidir le Speicis Ionracha Neamhdhúchasacha atá ina chuid den CEMP in **Aguisín A.7.5**.<br>• Bearta smachta maidir le huisce dromchla ag rith le sruth ón suíomh tógála ionas go seachnaítear aon éilliú de thimpiste a chuirfeadh isteach ar ghnáthóga portaigh i dTóin na Brocaí i gCeantar Oidhreachta Náisiúnta Phortaigh Mhaigh Cuilinn – féach an t-ábhar maidir le cúrsaí Hidreolaíochta thíos.<br>• Sa chás, ní nach dócha, go dtagtar trasna ar chonairí suntasacha srutha (éasc-chriosanna nó brischriosanna) i mBatailit Eibhir na Gaillimhe i rith chéim na tógála, cuirfear na bearta i bhfeidhm a leagtar amach sa Phrótacal Carst atá ina chuid den CEMP in Aguisín A.7.5 leis an TMTT agus in Aguisín C leis an RTN. |
| Gnáthóga | | |
| 8.1~~9~~ 8 | T/Ú | Déanfar réimsí cúitimh gnáthóige a chruthú, chomh maith le bainistíocht agus monatóireacht ina leith, faoi mar a leagtar amach sa Phlean Bainistíochta maidir le Gnáthóg Cúitimh in **Aguisín A.8.26** agus léirítear ionad na suíomhanna deontóireachta agus na suíomhanna gabhdóireachta i bhFíoracha 1-9 in Aguisín A.21.3 le Sceideal seo na nGealltanas Breise Timpeallachta (is iad na fíoracha sin na fíoracha leasuithe críochnúla, arna leasú ó na fíoracha mar atá in A.8.26 sa TMTT agus na fíoracha in Aguisín B le Ráiteas Fianaise Aebhín Cawley faoi chúrsaí Bithéagsúlachta agus an TMTT). |
| 8.19 | T | I bhfianaise athruithe ar an timpeallacht bonnlíne, is cáipéisí reatha na Pleananna Bainistíochta maidir le Gnáthóg Cúitimh a leagtar amach in A.8.26 leis an TMTT a mbeidh gá le leasú orthu ag an gconraitheoir a cheaptar de réir suirbhéireacht a dhéanfar roimh an obair thógála.<br>Déanfaidh an conraitheoir Pleananna Bainistíochta Éiceolaíochta don Suíomh a ullmhú sula dtosaítear ar an obair, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos in Aguisín A.8.26 leis an TMTT.<br>Chomh maith leis sin, luafar go sonrach mar dhlúthchuid de na Pleananna Bainistíochta Éiceolaíochta don Suíomh na bearta seo a leanas:<br>• Ábhar ithreach agus plandaí (scraitheanna san áireamh) as gach suíomh deontóireachta 4030 an príomh-mhodh oibre maidir le gnáthóg den chineál Móinteach tirim a aistriú agus a chruthú. Leagtar amach ionad gach ceann de na suíomhanna deontóireachta agus gabhdóireachta 4030 san Aguisín le Sceideal seo na nGealltanas Timpeallachta.<br>• Déanfar monatóireacht gach trí seachtaine ón tráth a leagtar na scraitheanna ar na suíomhanna gabhdóireachta agus gach uair a dtarlaíonn báisteach throm go dtí go mbíonn an Móinteach tirim buancheaptha agus cuirfear plean cóiriúcháin coigeartaithe i bhfeidhm más é atá le sonrú ar an bhfianaise nach dea-thoradh a bhí ar an mbeartaíocht.<br>• Cuirfear doimhneacht ar a laghad 100m d'ithir/scraith aistrithe ar |

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| | | fáil i ngach suíomh gabhdóireachta 4030.<br><br>• Beidh an leibhéal pH maidir leis an tsraith uachtarach 400mm ábhair i limistéir sil-leagain ábhair, faoi bhun 6.5 má tá sin ag teacht díreach faoi réimse ina bhfuil beartaithe gnáthóg den chineál Móinteach tirim a chruthú.<br><br>• Is é an modh is fearr maidir le haistriú gnáthóige scraitheanna agus ithir/móin a aistriú go díreach ó shuíomh deontóireachta go dtí suíomh gabhdóireachta. Dá ainneoin sin, ní móide go bhfágfadh na céimeanna éagsúla a bhaineann leis an obair thógála gur féidir sin a dhéanamh i ngach cás. Nuair nach féidir scraitheanna a aistriú go dtí an suíomh gabhdóireachta go díreach, déanfar iad a láimhseáil agus a stóráil de réir an sárnós oibre mar a thuairiscítear agus cásanna staidéir iontaofa maidir le scraitheanna portaigh a aistriú, lena n-áirítear:<br><br>o Cinntiú go mbíonn na scraitheanna chomh mór agus is féidir maidir le fairsinge agus doimhne<br><br>o Más gá, úsáid a bhaint as buicéid tochaltóra a cheaptar go speisialta don chúram<br><br>o Úsáid a bhaint as feithiclí atá éadrom ar an talamh maidir leis an scraith a bhaint, go háirithe ar shuíomhanna deontóireachta de na cineálacha is fliche, mar shampla suíomhanna deontóireachta de chineálacha 4010 agus *7130, agus oibriú ar mhataí portaigh más gá sin<br><br>o An t-achar ama is giorra is féidir a bheith i gceist maidir le scraitheanna a stóráil agus iad a leagan ag na suíomhanna gabhdóireachta a luaithe is féidir<br><br>o Scraitheanna a stóráil in aon tsraith amháin ionas nach dtarlaíonn brú agus go gcaomhnaítear an struchtúr nádúrtha<br><br>o Scraitheanna a stóráil ar dhromchla cothrom agus iad a leagan anuas ar scannán geoiteicstíle, ar mhataí portaigh nó ar a leithéid<br><br>o Uisciú rialta (le huisce báistí) agus monatóireacht ar na scraitheanna an fhaid a bhíonn siad á stóráil<br><br>o Scraitheanna a stóráil buailte ar a chéile (i.e. gan bearnaí eatarthu) ionas nach dtriomaíonn siad leis an gcorr agus sconsaí dríodair nó scannán geoiteicstíle a úsáid más gá le corr ingearach ar bith den scraith a bheadh leis<br><br>• I gcás roinnt de na suíomhanna gabhdóireachta maidir le móinteach tirim, d'fhéadfadh cineál an fhásra eiricigh, éadoimhne na hithreach agus eibhear lom a fhágáil gur deacair scraitheanna neamhscartha. I gcásanna den chineál sin, d'fhéadfadh gur chabhair an fásra eiriceach a ghearradh (agus an t-ábhar gearrtha a choinneáil le húsáid mar bhruscán agus mar ábhar síl a chuideodh le hathchothú an fhásra sna suíomhanna gabhdóireachta) maidir le |

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| | | scraitheanna gan stróiceadh a bhaint. Sa chás nach féidir scraitheanna fairsinge a bhaint in áiteanna den sórt sin, beidh fiúntas i gcónaí le hábhar na scraithe (ina mbeadh meascán créafóige, fréamhacha, síolta agus eile) le húsáid mar ábhar ithreach le haistriú go dtí na suíomhanna gabhdóireachta<br><br>• Ar an gcuma chéanna, sa chás nach féidir ithir/móin a aistriú díreach go dtí suíomhanna gabhdóireachta, déanfar a láimhseáil agus a stóráil mar seo a leanas ionas go gcinntítear a caomhnú:<br><br>o Úsáid a bhaint as feithiclí atá éadrom ar an talamh maidir leis an ithir a thabhairt chun bealaigh, go háirithe ar shuíomhanna deontóireachta de na cineálacha is fliche, mar shampla suíomhanna deontóireachta de chineálacha 4010 agus *7130, agus oibriú ar mhataí portaigh más gá sin<br><br>o Déanfar ithir fhliuch mhóinteach (e.g. mar is dócha a theacht as suíomhanna deontóireachta de chineálacha 4010 agus *7130) a iompar i leoraithe dúnta ionas go seachnaítear móin fhliuch a chailleadh ar an mbealach<br><br>o An t-achar ama is giorra is féidir a bheith i gceist maidir le hithir/móin a stóráil agus iad a leagan ag na suíomhanna gabhdóireachta a luaithe is féidir<br><br>o Ithir/móin as suíomhanna deontóireachta a stóráil i réimsí faoi leith de na campúin tógála maidir leis an mbóthar beartaithe taobh thiar d'Abhainn na Gaillimhe, le sraith geoiteicstíle fúithi agus gan airde is mó ná 1.5m léi ionas go seachnaítear comhdhlúthú<br><br>o Déanfar scraitheanna as suíomhanna deontóireachta a leagan anuas ar réimsí stórála na hithreach/móna ionas go slánaítear agus go gcosnaítear í an fhaid atá sí á stóráil<br><br>• Cuirfear na scraitheanna taobh le taobh gan aon bhearna eatarthu. Sa chás gur gá sin, cosnófar suíomhanna gabhdóireachta ar chreimeadh agus spreagfar athchothú fásra ar na bealaí seo a leanas:<br><br>o Geochoighir (ar dhromchla réidh cothrom) nó geoishiúit (nuair atá fána i gceist) a úsáid ar réimsí loma ithreach, arna fheistiú le pionnaí cruach 0.5m nó a leithéid<br><br>o Scotháin fraoigh, a chruinnítear ar shuíomhanna deontóireachta, a scaradh ar an ithir lom<br><br>o Athchur síolta, le síolta (más féidir) a cruinníodh ar shuíomhanna deontóireachta sular baineadh scraitheanna/tugadh ithir chun bealaigh, nó, más gá, le síolta breise dúchasacha don mhóinteach tirim ó sholáthraí iontaofa de leithéid http://www.wildflowers.ie/. Sa chás go gcruinnítear síolta ar shuíomhanna deontóireachta sula mbaintear scraitheanna/dtugtar ithir chun bealaigh, déanfar iad a chruinniú tráth a mbíonn sé te tirim, ar a laghad séasúr samhraidh/fómhair amháin roimh thús a chur leis an |

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| | | obair thógála. Go dtí go mbíonn siad ag teastáil lena gcur sna suíomhanna gabhdóireachta, stóráilfear na síolta sa chaoi is go gcinntítear go maireann siad slán. Bainfear úsáid astu sa mheascán síolta don phlandáil lá is faide anonn, an tráth oiriúnach den bhliain, ar na suíomhanna gabhdóireachta maidir le móinteach tirim.<br><br>○ An baol maidir le creimeadh nó éalú na hithreach/móna a aistríodh a mhaolú oiread is féidir:<br>○ An obair maidir le scraitheanna agus ithir/móin a aistriú agus a láimhseáil a dhéanamh nuair atá an aimsir tirim<br>○ Tabhairt faoin obair seo tráth a mbíonn sé tirim i dtús shéasúr an fháis (i.e. san earrach) ionas go gcothaítear bunús tréan faoi fhás na bplandaí sula dtagann an geimhreadh<br>○ Na bearta a chur i bhfeidhm a leagtar amach sa Phlean maidir le Dríodar, Creimeadh agus Éilliú a Smachtú (SEPCP) ina dtugtar cuntas achoimre ar chur i bhfeidhm na modhanna oibre agus na ngnás teicniúil ar mhaithe le smacht éifeachtúil ar dhríodar, ar chreimeadh agus ar éilliú, trí mhodhanna éagsúla seachadta a úsáid i rith chéim na tógála maidir leis an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, a chuirtear i láthair in Alt 8 sa CEMP in Aguisín A.7.5 leis an TMTT agus in Aguisín C leis an RTN<br>○ Déanfar ithir fhliuch mhóinteach (e.g. mar is dócha a theacht as suíomhanna deontóireachta de chineálacha 4010 agus *7130) a iompar i leoraithe dúnta ionas go seachnaítear móin fhliuch a chailleadh ar an mbealach<br><br>• Déanfar na bearta seo a leanas mar chuid den bheartaíocht maidir le haistriú gnáthóige agus cruthú gnáthóige ionas go gcinntítear go mbíonn bun maith faoin *Daboecia cantabrica* ar na suíomhanna gabhdóireachta maidir le móinteach tirim:<br>○ Cruinneofar síolta ó phlandaí aibí de chuid an *Daboecia cantabrica* ar na suíomhanna a bhfuil tuairisc orthu taobh istigh de theorainn na forbraíochta atá beartaithe, ó mhí Lúnasa/Meán Fómhair ar aghaidh (an bhliain sula gcuirtear tús leis an obair thógála), tráth a mbíonn an aimsir te tirim. Stóráilfear na síolta sa chaoi is go gcinntítear go maireann siad slán. Bainfear úsáid astu sa mheascán síolta don phlandáil lá is faide anonn, an tráth oiriúnach den bhliain, ar na suíomhanna gabhdóireachta maidir le móinteach tirim<br>○ Sa chás gur féidir scraitheanna ina bhfuil *Daboecia cantabrica* a aistriú ó shuíomhanna deontóireachta den chineál Móinteach tirim, bainfear na scraitheanna sa chaoi is go mbíonn gach cuid den *Daboecia cantabrica* i lár na scraithe ionas go gcinntítear dea-thoradh ar a n-aistriú<br>○ Déanfar an t-ábhar ithreach/móna ar fad as suíomhanna deontóireachta den chineál Móinteach tirim a aistriú lena |

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| | | leagan mar fhoshraith sna suíomhanna gabhdóireachta do ghnáthóg den chineál Móinteach tirim, agus caomhnófar ar an gcaoi sin an taisce síolta, an chuid maidir leis an *Daboecia cantabrica* san áireamh, ionas go ligtear d'athfhás an speicis go nádurtha ag an suíomh gabhdóireachta<br>○ Cruinneofar scotháin fraoigh ar gach suíomh deontóireachta den chineál Móinteach tirim agus beidh scotháin den chineál *Daboecia cantabrica* san áireamh leis an ábhar sin. |
| An Madra Uisce | | |
| 8.21 | Ú | Cuirfear áiseanna slí don mhadra uisce ar fáil ag gach sruthchúrsa a thaithíonn an Madra Uisce (e.g. ardáin mar chuid de dhéanmhais, nó píopaí 600mm faoi leith gan uisce iontu a chur isteach cóngarach do lintéir). Beidh íosbhealaí do mhamaigh á ndéanamh de réir mar a leagtar amach in *Guidelines for the Treatment of Otters prior to the Construction of National Road Schemes* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2008). Liostaítear na hionaid ina mbeidh Áiseanna slí don Mhadra Uisce á gcur ar fáil in **Tábla 8.36** in **Caibidil 8, Bithéagsúlacht** agus léirítear iad i bh**Fíoracha 8.23.1** go dtí **8.23.14**.<br><br>Leis na háiseanna slí don Mhadra Uisce a ghabhfaidh le déanmhas C04/01 agus déanmhas C04/02, beidh ardán leice do mhamaigh, suite níos airde leibhéal an uisce le linn tuilte, ina chuid den déanmhas. |
| 8.72 | T | Déanfar na háiseanna slí don Mhadra Uisce a sheiceáil sula dtosaítear ar úsáid an bhóthair atá beartaithe a fhorbairt ionas go gcinntítear go ndéantar a dtógáil i gcomhréir le *Guidelines for the Treatment of Otters prior to the Construction of National Road Schemes* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2008). |
| An Ialtóg | | |
| 8.27 | Ú | Is é a bhaineann leis an dearadh plandála beartaithe a bhaineann le hUasbhealach Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr conair chúng féir i lár báire le fál sceach dúbailte gach aon taobh di ~~i réimse láir an uasbhealaigh~~ (mar a bheadh bóithrín 4m ar leithead ann). Leathnófar an bhearna idir an dá fhál sceach ansin sa chaoi is go mbeidh "béal" á chruthú ag an dá cheann den uasbhealach, gach aon taobh den bhóthar atá beartaithe a fhorbairt, ionas go dtreoraítear ialtóga go lár an uasbhealaigh. Beidh an phlandáil ag teacht leis an bplandáil atá beartaithe a dhéanamh ar na sleasa uachtaracha soir agus siar ó bhealaí gearrtha an dá thaobh den bhóthar atá beartaithe a fhorbairt. Léirítear dearadh scéimreata agus ionad an uasbhealaigh beartaithe in **Pláta 8.3~~2~~**, i g**Caibidil 8, Bithéagsúlach**. |
| 8.73 (luaitear faoin uimhir 8.31 i Leagan an 21 Feabhra 2020) | T | Déanfar na déanmhais maidir le háis slí don Ialtóg a sheiceáil sula dtosaítear ar úsáid an bhóthair atá beartaithe a fhorbairt ionas go gcinntítear go ndéantar a dtógáil i gcomhréir leis na coinníollacha dearthóireachta a leagtar amach in Alt 8.6.7.2 agus in Alt 8.9.2 sa TMTT. |
| An Broc | | |
| 8.74 (luaitear | T | Déanfar na háiseanna slí don Bhroc a sheiceáil sula dtosaítear ar úsáid an bhóthair atá beartaithe a fhorbairt ionas go gcinntítear go |

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| faoin uimhir 8.42 i Leagan an 21 Feabhra 2020) | | ndéantar a dtógáil i gcomhréir le *Guidelines for the Treatment of Badgers during the Construction of National Road Schemes* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2006). |
| Inveirteabraigh | | |
| 8.41 | T | D'fhonn scrios uibheacha an Fhritealáin réisc a sheachaint nó básmhaireacht bholb an Fhritealáin réisc, cuirfear an straitéis maolúcháin seo a leanas i bhfeidhm i ndáil leis an obair ar an suíomh a ghlanadh:<br>• déanfar, sula dtosaítear ar an obair thógála, suirbhé gréasán larbhach ar na limistéir gnáthóige ar fad laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe, atá oiriúnach maidir leis an bhFritileán réisc a chothú. Déanfar sin i rith an tréimhse ó lár mhí Lúnasa go dtí deireadh mhí Meán Fómhair díreach sula dtosaítear ar an obair ag glanadh an tsuímh.<br>• ~~Sa chás go bhfuil gréasáin larbhacha ar fáil, déanfar iad a aistriú go dtí limistéar eile ina bhfuil gnáthóg oiriúnach; taobh amuigh de theorainneacha na forbartha beartaithe nó, más taobh istigh é, go dtí limistéar ina bhfuil gnáthóg oiriúnach nach dtarlóidh cur isteach air an fhad a bhíonn an obair thógála ar bun.~~<br>• Déanfar na gréasáin larbhacha a aistriú trí scraitheanna le fásra ina bhfuil an t-óstspeiceas planda (*Succisa pratensis*) le fáil agus gréasáin larbhacha iontu sin.<br>• Déanfar na scraitheanna fásra a aistriú go dtí an/na suíomh(anna) gabhdóireachta ar an toirt nuair a dhéantar iad a bhaint ionas go gcinntítear nach dtriomaíonn siad. Déanfar na scraitheanna a athchur san fhásra buailte go díreach ar réimsí gnáthóige de na cineálacha Bánta *Molinia* agus/nó Móinteach fliuch atá á gcoinneáil (tugtar tuairisc ar na suíomhanna thíos) agus cuirfear sconsaí thart orthu ionas nach bhféadfadh aon damáiste ón obair thógála tarlú de thimpiste. Oibreofar go cúramach ionas go gcinntítear go mbíonn aon sampla den *Succisa pratensis* ina bhfuil gréasán larbhach i gceartlár na scraithe. Déanfar na scraitheanna a cheapadh ar bhealach slán sna suíomh(anna) gabhdóireachta ionas go gcinntítear nach bhfágtar aon imeall leis sa chaoi is go dtarlódh triomú.<br>• Ag Ch. 0+900 atá an chéad ionad, réimse gnáthóige de na cineálacha gnáthóige Féarach fliuch (GS4)/ Bánta *Molinia* [6410] a thagann faoi scáth Iarscríbhinn I agus atá le caomhnú taobh istigh de theorainn na forbraíochta beartaithe (Fíor 8.23.1 sa TMTT). Ag Ch. 3+000 atá an dara ionad, mósáic gnáthóige de na cineálacha Móinteach fliuch [4010] (Iarscríbhinn I), Féarach fliuch (GS4) agus Móinteach tirim [4030] (Iarscríbhinn I) atá le caomhnú taobh istigh de theorainn na forbraíochta beartaithe (Fíor 8.23.3 sa TMTT).<br>A luaithe a bhíonn na gréasáin larbhacha ar fad tugtha chun bealaigh ó na limistéir lena mbaineann, nó sa chás nach dtugtar aon ghréasán larbhach chun suntais, déanfar an fásra uilig a ghlanadh nó a lomadh go droim talún ionas nach mbíonn an limistéar sin oiriúnach ag an speiceas maidir le hathchoilíniú a dhéanamh air. Coinneofar an fásra ar an gcaoi sin go dtí go dtugtar an bharrithir chun bealaigh. |
| An tÉanlaith | | |
| 8.49 | Ú | ~~Coinneofar colbha féaraigh neamhbhainistithe (ar a laghad 1m ar leithead) le teorainneacha uile na ngaranta sa limistéar gnáthóige atá~~ |

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| | | ~~le coinneáil siar ó thuaidh den bhealach bóthair atá beartaithe ag Caisleán Mhionlaigh.~~<br>(Nóta: luaitear mar ghealltanas 8.52 i leagan an 21 Feabhra 2020)<br><br>D'fhonn gnáthóg féarach garbh a bhunú agus a chaomhnú mar ghnáthóg ag an scréachóg reilige, beidh tailte siar ón mbóthar atá beartaithe a fhorbairt ag Caisleán Mhionlaigh (Pláta 1 i Ráiteas Fianaise Aebhin Cawley maidir le cúrsaí Bithéagsúlachta agus an MTT) faoi innilt ag beithígh ar feadh tréimhse ráithe gach bliain idir mí Iúil agus mí Deireadh Fómhair de réir ráta stocála 0.35 aonad beostoic/ha.<br>Déanfar monatóireacht bhliantúil ar an ngnáthóg féaraigh go ceann cúig bhliana ó thugtar an córas i bhfeidhm d'fhonn tuairisc a bhreacadh ar ghnáthóg oiriúnach den chineál Féarach garbh a chur ar bun agus ar an dlús stocála a leasú sa chás gur gá. |
| 8.54 | T | Coinneofar na hionaid neide a bhí cheana féin ag an bhFabhcún gorm sa cheann thoir thuaidh de Chairéal Leacaigh. Ní fhoilsítear go róbheacht na hionaid atá i gceist sa TMTT mar gheall ar an mbaol go n-imreofaí ciapadh ar an speiceas sin. Ní mór comhairle a ghlacadh le Comhairle Chontae na Gaillimhe nó le Cairde Éanlaith Éireann chun na hionaid a aimsiú go cruinn beacht agus a chinntiú go ndéantar iad a choinneáil agus a chosaint ar aon chur isteach de bharr na hoibre.<br>D'fhonn an seans go dtarlódh cur isteach ar láthair neide atá ag an bhFabhcún gorm mar gheall ar obair thógála in aice le Cairéal Leacaigh a mhaolú oiread agus is féidir, cuirfear tús le hobair idir Tollán Leacaigh agus Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 roimh lár mí Feabhra. ~~Déanfar obair maidir le boltaí carraige a chur isteach sna haillte in áiteanna atá cóngarach do láthair neide ar bhealach cúramach (de réir comhairle ó éiceolaí leis an taithí cuí) ionas go maolaítear oiread agus is féidir aon chur isteach ar láthair na neide i rith shéasúr an ghoir, go háirithe má bhíonn éan sa nead.~~<br>Ní dhéanfar boltaí carraige a chur isteach ríchóngarach do láthair neide atá in úsáid ag fabhcún gorm i rith shéasúr an ghoir (an 1 Márta go dtí an 31 Lúnasa).<br>Cuirfear ionad eile neide don Fhabhcún gorm ar fáil ar thailte atá faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe soir ó dheas ó Chairéal Leacaigh faoi mar a thaispeántar ar Léaráid Líníochta GCRR-SK-PP-067 (Aguisín A.21.5 le Sceideal seo na nGealltanas Timpeallachta ~~A le ráiteas fianaise Aebhín Cawley ag an éisteacht ó bhéal~~). Beidh an t-ionad neide saorga sin ar fáil sula dtosaítear ar obair lena mbainfeadh baol ar bith go gcuirfí isteach ar an séasúr goir ag an bhFabhcún gorm i gCairéal Leacaigh nó go ndíbreofaí an Fabhcún gorm as sin. Beidh an t-ionad neide eile a chuirtear ar fáil ag teacht leis na coinníollacha dearthóireachta a leagtar amach sa tuarascáil arna hullmhú ag Cairde Éanlaith Éireann atá in ~~Aguisín C le ráiteas fianaise Aebhín Cawley ag an éisteacht ó bhéal~~ in Aguisín A.21.6 le Sceideal seo na nGealltanas Timpeallachta.<br>Cuirfear bosca neide saorga don fhabhcún gorm isteach ag gach aon cheann de na hionaid neide roimhe seo i gCairéal Leacaigh. Déanfar obair feabhsúcháin ar an dá aill ionas go gcruthaítear bunsraith cothrom réidh do na boscaí neide. Déanfar na boscaí neide saorga a ghaibhniú go daingean don aill sa dá ionad agus déanfar iad a chur ar fáil i gcomhréir leis na bunriachtanais dearthóireachta a leagtar |

| Uimh. Thag. | Céim | Gealltanais |
|---|---|---|
| | | amach sa tuarascáil a d'ullmhaigh Cairde Éanlaith Éireann, a dtugtar an sliocht a bhaineann le hábhar as in Aguisín A.21.6 le Sceideal seo na nGealltanas Timpeallachta.<br>Déanfar monatóireacht ar ghnóthaí goir an Fhabhcúin ghoirm i gCairéal Leacaigh agus san ionad neide breise atá beartaithe i rith shéasúr an ghoir gach bliain den tréimhse tógála ionas go ndeimhnítear rath/teip na neide i ndáil le gach péire pórúcháin san áit agus an bhfuil an bhleaisteáil ag cur isteach ar líon na n-éan de speiceas an Fhabhcúin ghoirm. Déanfar monatóireacht freisin ar úsáid na n-ionad neide saorga go ceann trí bliana i rith ré úsáide an bhóthair bheartaithe. |
| 8.58 | Ú | Beidh monatóireacht á dhéanamh go bliantúil ar bhoscaí neide ag éiceolaí agus torthaí na monatóireachta sin á dtabhairt do Chomhairle Chontae na Gaillimhe ionas go mbíonn tuairisc á choinneáil ar úsáid na mboscaí ag éin goir go ceann trí bliana ó chuirtear deireadh leis an obair thógála. |